gar an freagra abartha "Irish language movement has ended up by being nothing to nobody." Is fíor. Ach caithfe muid an t-athrú a mhola agus féachaint len a thabhairt chun críche.

Tá súil agam go nglacann muid uilig leis an méid seo, nach bhfuil i ndán don Ghaeilge faoi réim Fhianna Fáil ach an bás. Mara nglactar leis an méid sin níl i ndán di ach an bás ar aon chor agus is cuma. Sé an t-athrú nach mór a dhéanamh Éire a bhaint d'Fhianna Fáil agus dá leithéidí eile. An charaíocht a bhainfeas Éire d'Fhianna Fáil agus dá leithéidí is féidir leis an gcaraíocht sin, ach muide dhá thapú anois, an Ghaeilge a thabhairt ar ais freisin do mhuintir na hÉireann. Ag ceire an chéalacain in Ard-oifig an Phosta le linn Chomóra na Cásca, 1966, dúirt mé go gcaithfeadh an Ghaeilge a bheith páirteach go feidhmiúil feasta i gcoimhlint mhuintir na hÉireann le cuspóirí Fhorógra na Cásca a thabhairt i gcrích. Seo í Athghabháil na hÉireann, an Réabhlóid, réabhlóid intinne agus réabhlóid anama, réabhlóid i gcúrsaí maoine, seilbhe agus maireachtála, maireachtáil mar Ghaeil leis na rudaí is dual dúinn mar Ghaeil.

Ní mian liom níos mó a rá faoin gcéalacain sin a bhí ar siúl freisin i mBéal Feirste ach thaispeáin sé do mhuintir na hÉireann go bhféadfadh an Ghaeilge a bheith fós in a harm tine agus ag tabhairt treoir dóibh. An pointe sin níl a fhios agam cé ar mhó fuath iad Gluaiseacht oifigiúil na Gaeilge don LFM, ná don dream ar bhaist duine eicint go teagmhaiseach Misneach orthu. Bhí lucht Choiste Gnótha an Chonradh ag dul thart ag fuagairt go cathréimeach in a ngleic fón easair fhalaimh: "tá siad ar lár againn anois."

Deirtear faoin gCraoibhín, ar fhianaise a thug sé féin, gur duine beagmhisniúil a bhí ann nach raibh sásta míisiam a chur ar aon duine. Ní mheasaim ó Shamhalaigh dhuit féin an ndéanfadh Gluaiseacht na Gaeilge inniu fiú's fios cinnte a bheith aici roimhré go mbuailfeadh sí, an troid a rinne an Chraoibhín agus lucht na Gaeilge in aghaidh na n-easpag sa mbliain 1908-1909, nó fiú an troid in aghaidh Mhahaffy agus Atkinson.

Go dtí righoirid ó shoin níor ghar a bheith ag caint ar Athghabháil na hÉireann, ar Phoblacht na nOibrithe. Bhí an smaoine sin ag neartú i 1932 san am a bhfuair Fianna Fáil ceannas ar an Rialtas. Ní raibh an Lucht Oibre i riocht ach dul chun cinn a dhéanamh in aghaidh Fhianna Fáil sna tríochaidí. Sa méid go raibh na poblachtóirí i n-ann freasúra ar bith a sholáthar ba de bharr a shuíomh é gur náisiúnta iad féin ná Fianna Fáil. Bhí an Eaglais Chaitliceach ansin ag an rialtas le coinnealbhá a chur ar dhuine ar bith a thráchtfadh as a bhéal ar réabhlóid, ar shóisialachas, ar Athghabháil na hÉireann. Ní thráchtfaí ar Shéamas Mhac Conaola ag cruinnithe Gaeilge. Ní thráchtfaí air ach amháin i gcampaí géibhinn agus i bpriosúin. Tá sin athraithe cé nach go hiomlán é. Tá an domhan éirithe cleachtach ar chruth eicint nó a chéile den tsóisialachas. Tiocfa sé in Éirinn luath nó mall. Tá sin cinnte.

Sé dualgas lucht na Gaeilge a bheith ina sóisialaigh. Siad lucht labhartha na Gaeilge sa nGaeltacht an aicme is díreoile agus is buailte den mhuintir seo againn in Éirinn. Is mar a chéile agamsa, an aicme sin, pobal na Gaeilge, a shlánú agus an Ghaeilge a shlánú. Ní féidir an slánú seo a dhéanamh ach le Athghabháil na hÉireann — seilbh na hÉireann